FAQs

1. **Cén cúrsa is mó a oireann do mo pháiste - cúrsa A nó B?**
   Molaimid go láidir go bhfreastalóidh gach scoláire atá ag freastal ar Choláiste na bhFiann den chéad uair ar chúrsa B (Féach riail ar Chúrsa A agus Cúrsa B)
2. **Bhí cara m'iníon ar chúrsa Riail B agus tá sí ag freastal ar chúrsa Riail A anois. An bhfuil an chúrsa sin oiriúnach do m'iníon?**
   Molann Coláiste na bhFiann go láidir go bhfreastalóidh gach scoláire atá ag freastal ar chúrsa Choláiste na bhFiann don chéad uair ar chúrsa B, is cuma cén áit a bhfuil a gcairde ag dul.
3. **Tá cónaí orainn in aice leis an gcoláiste i Ráth Chairn agus, mar sin, is mian linn ár bpáiste a sheoladh ansin? An bhfuil sé seo oiriúnach?**
   Tá sé tábhachtach cúrsa a roghnú atá oiriúnach do chumas do pháiste seachas suíomh an choláiste (Féach riail ar Chúrsa A agus Cúrsa B)
4. **Cén t-am sa samhradh is fearr freastal ar chúrsa?**
   Tá ár gcúrsaí mí Lúnasa an-tairbheach, go háirithe dóibh siúd atá ag tabhairt faoi scrúduithe an Meitheamh ina dhiaidh.
5. **Cad atá clúdaithe i dtáille an chúrsa?**
   Clúdaíonn táille an chúrsa cóiríocht, maoirseacht, béilí, teagasc, agus na gníomhaíochtaí go léir. Clúdaíonn sé ticéad freisin do Thóstal na bhFiann a tharlaíonn ag deireadh an tsamhraidh. Is féidir le gach scoláire a fhreastalaíonn ar Choláiste na bhFiann freastal ar Chumann na bhFiann ar chostas ainmniúil.
6. **Cathain ar chóir dom iarratas a dhéanamh?**
   Cláraítear na hiarratais ar bhonn dáta. Molaimid go láidir gur chóir do gach tuismitheoir iarratas a mac / a n-iníon a sheoladh isteach chomh luath agus is féidir agus gan fanacht ar chairde. Glactar le foirmeacha ar an gcéad dul síos ag Tóstal na bhFiann gach bliain d'iarscoláirí agus sa chéad seachtain de Mheán Fómhair do gach duine eile.
7. **An bhfuil cúrsaí Coláiste na bhFiann á reáchtáil i gcoláistí cónaithe nó i dtithe le Bean an Tí i gceantar Gaeltachta?**
   Cuireann Coláiste na bhFiann cúrsaí ar fáil i gcoláistí cónaithe agus i dtithe le Bean an Tí i gceantair Ghaeltachta. **Coláiste Cónaithe:** Ionad Óige na hÉireann, Droim Rí, Co na Mí **Coláistí Gaeltachta:** Ráth Chairn, Co. na Mí, Gaoth Dobhair, Co. Dhún na nGall, agus Rosmuc, Co. na Gaillimhe.
8. **Cad atá i gceist leis an agallamh?**
   Sula dtéann scoláire ar bith ar chúrsa Coláiste na bhFiann, ní mór dóibh, in éineacht le tuismitheoir amháin ar a laghad, freastal ar agallamh. Is gá freastal ar an agallamh ar feadh tréimhse iomlán (2 uair). Tugtar deis caighdeán Gaeilge na scoláirí a mheas agus bualadh le gach scoláire agus tuismitheoir roimh dhul ar chúrsa. Taispeántar físeán gairid freisin don ghrúpa a thugann léargas ar chúrsa Coláiste na bhFiann agus a chuimsíonn gach gné dár gcúrsaí. Freagraítear aon cheist i dteannta le riachtanais phearsanta cothaithe / leighis etc. gach scoláire. Tá sé riachtanach freastal ar agallamh Choláiste na bhFiann Is gá Amhrán na

bhFiann agus Amhrán an Choláiste a fhoghlaim de ghlanmheabhair do chúrsa A agus Amhrán na bhFiann a fhoghlaim de ghlanmheabhair do Chúrsa B.

9. **Cad é an chéad chéim eile mura n-éiríonn leis / léi san agallamh?**
   Tugtar deis do gach scoláire an t-agallamh a athdhéanamh. Déanfaidh an oifig teagmháil chun seo a shocrú.
10. **Bhí agallamh ag mo mhac / iníon cheana. An bhfuil air / uirthi dul arís?**
    Má d'fhreastail do mhac nó d'iníon ar chúrsa B cheana níl orthu freastal ar agallamh eile. Má d'fhreastail do mhac nó d'iníon ar chúrsa A cheana níl orthu freastal ar agallamh eile. Má tá scoláire ag freastal ar chúrsa A den chéad uair tar éis cúrsa B leibhéal, beidh air / uirthi agallamh a dhéanamh.
11. **Cathain atá an táille ina iomláine le híoc?**
    I gcás scoláire nua, is gá fuílleach an táille a íoc ar oíche an agallaimh. Tá fuílleach an táille le híoc ag gach scoláire roimh dheireadh mí an Mhárta. Má tá liosta feithimh ag an gcúrsa, ní mór an t-iarmhéid táillí a íoc faoi dheireadh mí an Mhárta ar shlí gur féidir an áit a thairiscint do dhalta ón liosta feithimh.
12. **Tá mo pháiste ar liosta feithimh ar chúrsa. An gá dom an táille ina iomláine a íoc?**
    Ní íocann na scoláirí ar liostaí feithimh fuílleach an táille, toisc nach bhfuil áit ar chúrsa acu.
13. **An eagraíonn Coláiste na bhFiann taisteal chuig na cúrsaí?**
    Ní eagraíonn Coláiste na bhFiann taisteal chuig na cúrsaí.
14. **Beidh ceithre chluiche peile ag mo mhac le linn an chúrsa go gcaithfidh sé freastal orthu. An féidir é seo a dhéanamh?**
    Ní féidir. Is cúrsa atá go hiomlán trí mheán na Gaeilge agus, mar sin, tá sé tábhachtach go bhfuil na scoláirí in ann freastal ar an gcúrsa go hiomlán.
15. **Ba mhaith le m'iníon agus a cairde a bheith sa teach le chéile? An féidir é seo a eagrú?**
    Tá sé mar pholasaí gan cairde ná baill teaghlaigh a chur le chéile mar gheall ar nádúr tumoideachais iomlán an chúrsa. Ní féidir nósanna de shaol a athrú thar oíche i dtéarmaí teanga. Má scaiptear scoláirí atá i dtaithí ar Bhéarla a labhairt lena chéile, is lú seans go mbeidh timpiste acu. Is féidir leis chur isteach ar dhaltaí atá ag freastal leo féin má tá grúpaí cairde le feiceáil ag freastal le chéile. Déanaimid ár ndícheall timpeallacht a chruthú a thugann deis do gach scoláire aithne a chur ar a chéile laistigh den chéad 2-3 lá, rud a chuirfidh deireadh leis an mbaol de cliques.
16. **Cad é an clúdach árachais maidir le hearraí pearsanta?**
    Rinneamar gach iarracht chun a chinntiú go bhfuil gach gné dár gcúrsa agus ár ngníomhaíochtaí clúdaithe i gceart ag an bpolasaí árachas. Ní féidir le Coláiste na bhFiann a bheith freagrach as earraí pearsanta na scoláirí agus ní féidir clúdach árachais a fháil i leith nithe den sórt sin, mar shampla. éadaí, earraí maisiúcháin, seodra, uirlisí ceoil, trealamh spóirt, srl. Ar chomhairle ár n-árachóirí, moltar go gcumhdaítear gach rud luachmhar a thogann na scoláirí leo ar an gcúrsa faoi alt 'Gach Riosca' an t-árachas tí. Is iad na huirlisí ceoil agus trealamh spóirt na nithe is dóichí atá i gceist. Beidh gach scoláire freagrach as a gcuid

earraí pearsanta féin agus molaimid nach dtugann siad iad ar iasacht do dhaltaí eile. Ar an drochuair, ní féidir linn glacadh le freagracht as earraí a chaillltear.

17. An bhféadfaí mo mhac a ghuthán soghluaiste a úsáid sa tráthnóna?

Tá polasaí neamhfhulagaint glan ag Coláiste na bhFiann maidir le guthán soghluaiste póca. Is féidir teagmháil a dhéanamh le do pháiste trí ghuthán soghluaiste an choláiste, más gá.

18. Cathain is féidir le mo pháiste scríobh abhaile?

Cuirfidh gach scoláire litir abhaile ar an gcéad Máirt den chúrsa agus go rialta ina dhiaidh. Cuirtear iad seo ar fad sa phost ar an Máirt. Mura bhfaightear tú é faoin Déardaoin, is fearr teagmháil a dhéanamh leis an mBainisteoir. Tá litreacha an-tábhachtach do na scoláirí. Iarraimid go ndéanfaidh gach tuismitheoir iarracht litreacha a sheoladh chuig a gcuid leanaí agus iad ar chúrsa linn.

19. Cathain is féidir liom cuairt a thabhairt ar mo pháiste?

Bíonn am cuarta Dé Domhnaigh idir 2.30 - 4.30. Leanann gníomhaíochtaí an choláiste le linn an ama seo.

20. Cé hé an príomhphointe teagmhála agus mo pháiste ar an gcúrsa?

Is é Bainisteoir an chúrsa an phríomhphointe teagmhála nuair atá do pháiste ar an gcúrsa. Gheobhaidh tú a n-uimhir ar an gcéad lá. Is féidir teagmháil a dhéanamh leis an Ardoifig le linn uaireanta oifige (9.30 - 5.00 Dé Luain go hAoine)

21. An bhfuil searmanas deiridh ann ar an gcúrsa?

Tá. Tá searmanas deiridh ag gach cúrsa a léiríonn an obair a rinne na scoláirí le linn an chúrsa. Tá sé tábhachtach go bhfuil tuismitheoirí agus an teaghlach i láthair.

22. An dtugann Coláiste na bhFiann deiseanna an Ghaeilge a úsáid i rith na bliana?

Tugann. Tá líonra náisiúnta clubanna óige, Cumann na bhFiann, ag Coláiste na bhFiann, a reáchtáiltear go seachtainiúil ó Mheán Fómhair go dtí an Cháisc. Tugann sé seo deis dod' pháiste an líofacht a ghnóthaigh siad ar na cúrsaí a choinneáil.

23. Cad ar a bhfuil cosc orthu ar an gcúrsa?

Leabhair / Foclóirí Béarla, Walkman / iPod / seinnteoir mp3, Guthán Soghluaiste, Díreathóir gruaige, aerasól, Ceamara Digiteach (Ceamara aon uaire molta)

24. Cad ba chóir do dhaltaí a thabhairt leo?

- Cóta báistí
- Culaith mhaith éadaí amháin agus a dhóthain éadaí do thréimhse an chúrsa (Ainm an dalta as Gaeilge)
- Pé gléas ceoil a sheineann sé/sí
- Pé fearais/éadaí spóirt a úsáideann sé/sí - go háirithe culaith snámha, caipín snámha agus bróg Reatha (riachtanach)
- Roinnt clúdach le seoladh baile (as Gaeilge) agus stampaí orthu
- Éadaí leapan nó mála codlata le piliúr agus braillín
- Go leor tuáillí agus fearais níocháin
- Mála mór níocháin